**Miontuairiscí Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

**Déardaoin an 7 Deireadh Fómhair 2021 ar 11:00**

**Físchomhdháil**

| | |
|---|---|
| **An Bord** | **I láthair:**<br>Eoin McVey,<br>Cathaoirleach An Dr<br>Marie Bourke<br>An tOll. Maeve<br>Conrick John<br>Grenham<br>Lisa Grimm<br>Lorelei Harris<br>An Dr Conor Kostick<br>Katherine McSharry<br>An tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh<br>An tOll. Kalpana Shankar<br>Caitriona Sharkey<br>Jennifer Taaffe |
| **An Fhoireann** | **I láthair:**<br>An Dr Sandra Collins, Stiúrthóir<br>Susan O'Donnell, Rúnaí Gníomhach<br><br>Eoin McCarney, Ceannasaí Forbartha Eatramhach (5.1 amháin)<br>Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach<br>Bainistíochta Rioscaí (6.1.1 - 6.1.3 amháin) |
| Nóta: Is éard atá i gceist le (5.1-6.1.3) ná go raibh an duine sin i láthair le haghaidh na míreanna sna miontuairiscí. Bhí gach comhalta Boird/ball foirne eile i láthair don chruinniú iomlán. | |

## 1. Cur in aithne agus ceisteanna nóis imeachta

Cheap an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Cathaoirleach agus seisear comhaltaí eile ar Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann le déanaí.

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí nuacheaptha den Bhord: John Grenham, Lisa Grimm, Lorelei Harris, an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, an tOllamh Kalpana Shankar agus Caitriona Sharkey. Chuir na comhaltaí Boird iad féin in aithne don chuid eile den Bhord

agus thug cuntas gearr ar a mbeathaisnéis ghairmiúil, ar a réimse saineolais agus ar a réimsí spéise i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh córam i láthair ar an gcruinniú. Mar fhreagra ar an gceist ón gCathaoirleach, ní raibh aon choinbhleachtaí leasa le fógairt ag an mBord agus glacadh le clár oibre an chruinnithe.

**Chuir comhaltaí den Bhord iad féin in aithne dá chéile. Chuir an Bord fáilte mhór roimh cheapachán an Bhoird ina iomláine.**

**Dheimhnigh an Bord go raibh córam ann, ghlac le clár oibre an chruinnithe; dheimhnigh nach raibh aon choinbhleachtaí leasa le fógairt.**

Nóta: Cuireadh na páipéir go léir ar fáil roimh an gcruinniú Boird ach amháin má luaitear a mhalairt.

**2. Dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an 5 Lúnasa 2021 agus a bhfoilsiú**

**D'fhaomh an Bord na dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an 5 Lúnasa 2021 gan aon leasú a dhéanamh orthu chomh maith le foilsiú na miontuairiscí faofa agus téacs folaithe iontu de réir mar is iomchuí.**

**3. Nithe ag éirí as**

Thug an Stiúrthóir forléargas don Bhord ar thábla gníomhaíochta na nithe ag éirí as agus luaigh stádas na ngníomhartha go léir de réir mar a sonraíodh sa tábla iad. Rinneadh plé ní ba mhionsonraithe ar na gníomhartha seo a leanas:

Gníomh 19.2.3: Chuir an Stiúrthóir in iúl go gcuirfí deireadh leis an ní seo ós rud é go bhfuil an chéad athbhreithniú seachtrach eile ar éifeachtacht an Bhoird le cur i gcrích faoin 30 Meitheamh 2022. Rachaidh an Stiúrthóir i mbun plé leis an mBord maidir leis an ní seo an bhliain seo chugainn.

Gníomh 20.1.1: Chuir an Stiúrthóir in iúl go gcuirfí deireadh leis an ní seo agus dúirt gur scríobh an Bord chuig an Aire a bhí freagrach as Fiontraíocht, Trádáil agus Fostaíocht ar an 21 Meán

Fómhair 2020 chun iarraidh air tacú le leasú reachtach ar an Acht um Chóipcheart agus Forálacha Eile maidir le Maoin Intleachtúil, 2019 (Acht 2019) chun bonn reachtach a thabhairt le go bhféadfadh LNÉ an fearann iomlán .ie a chartlannú (gréasán na hÉireann).

Ar a bharr sin, bhí cruinnithe ann le príomhpháirtithe leasmhara i mí na Samhna 2020. Tá LNÉ ag fanacht leis an tuarascáil ón RTCEGSM maidir le chomh hindéanta a bheadh sé scéim dhigiteach taisce dlíthiúla agus cartlann ghréasáin náisiúnta a chur ar bun don fhearann .ie. Mar fhreagra ar cheisteanna ón mBord dúirt an Stiúrthóir go meastar go mbeidh an tuarascáil ann sna míonna atá le teacht.

Gníomh 20.3.4: Chuir an Stiúrthóir in iúl go bhfuil deireadh leis an ní seo anois ós rud é go ndearna an Bord dréacht-Bheartas Forbartha Bailiúcháin a fhaomhadh mar chuid de chruinniú an Bhoird ar an 5 Lúnasa 2021 agus go bhfuil an comhairliúchán poiblí ar siúl faoi láthair.

Gníomh 2021.2.2: Dúirt an Stiúrthóir go bhfuil an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tar éis treoir a thabhairt don Cheannasaí Eastát comhairle dlí a lorg maidir leis na socruithe Rialachais nua atá beartaithe. Cuirfear an chomhairle dlí faoi bhráid an Choiste sa chéad chruinniú eile a bheidh ag an gCoiste sin. Beidh sé sin ar siúl roimh chruinniú Boird mhí na Nollag.

Gníomh 21.5.1: Chuir an Stiúrthóir in iúl go bhfuil sé beartaithe mír ar an gclár oibre a sceidealú in L1 2022 le go ndéanfaidh an Bord plé ar aon phlean/gníomhaíochtaí ba mhaith leo a chur i bhfeidhm le maoirseacht agus éifeachtacht an Bhoird a fhorbairt níos mó. D'fhéadfadh an Feidhmeannas láithreoireachtaí nó oiliúint a thabhairt i réimsí éagsúla, cúrsaí Airgeadais mar shampla.

**Thug an Bord tábla gníomhaíochta na nithe ag éirí as ar aire.**

## 4. Tuairisc an Stiúrthóra

Thug an Stiúrthóir faisnéisiú ó bhéal agus cur i láthair don Bhord mar seo a leanas.

- Athruithe móra agus Maolú Riosca:

Chuir an Stiúrthóir in iúl go ndearnadh cúpla athrú ar leibhéal an Fheidhmeannais le míonna anuas a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar oibríochtaí; tá roinnt céimeanna maolaithe i bhfeidhm, áfach, agus seo a leanas an dul chun cinn atá á dhéanamh orthu siúd.

- TFC agus Bailiúcháin Dhigiteacha:

  D'imigh an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach ar scor i mí Iúil; ina theannta sin, d'éirigh an tOifigeach Feidhmiúcháin TFC as a ról i mí na Bealtaine. Tá an dá ról ríthábhachtach má táthar chun sócmhainní TFC agus digiteacha LNÉ a choinneáil slán sábháilte, chun seirbhísí ar líne a choinneáil ag imeacht agus chun tacú le baill foirne agus iad ag obair go cianda.

  Glacadh na bearta seo a leanas leis an riosca a mhaolú: ceapadh Ardoifigeach Feidhmiúcháin (AOF) Gníomhach TFC agus taithí ag an duine sin sa ról roimhe seo; cuireadh síneadh ama le conradh reatha tacaíochta TFC trína bhféadfaidh tarraingt ar suas le 30 lá de thacaíocht shinsearach TFC; d'éirigh linn dlús a chur le hearcaíocht an Cheannasaí nua Bailiúchán Digiteach, beidh an duine nuacheaptha ag tosú an 1 Nollaig agus beidh an AOF TFC nua linn an 1 Samhain. Tá an Ceannasaí Acmhainní Daonna fós ag bainistiú fhoireann na mBailiúchán Digiteach go héifeachtach.

- Taispeántais, Foghlaim agus Cláreagrú:

  D'éirigh an Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe roimhe seo as a ról agus d'fhág i mí Iúil tar éis dhá bhliain seirbhíse a thabhairt. D'éirigh triúr eile as a ról ar an bhfoireann.

  Bhí Katherine McSharry toilteanach bogadh chun an róil seo le héifeacht ón 1 Lúnasa chomh maith le cúraimí oibre an Leas-Stiúrthóra a choinneáil. Is dearfach an t-athrú é seo ós rud é go bhfuil taithí ag an Leas-Stiúrthóir mar Cheannasaí na Rannóige For-Rochtana a bhí ann roimhe; mar stiúrthóir tionscadail ar an taispeántas Seamus Heaney: Listen Now Again agus í freagrach as a dhearadh agus a chur i gcrích; agus mar an ceannasaí ó LNÉ chun Músaem Litríochta na hÉireann a chur i gcrích.

  Agus í ag feidhmiú ina cáil mar Cheannasaí Taispeántas,

Foghlama agus Cláreagraithe, tá athbhreithniú déanta ag an Uas. McSharry ar ghealltanais na Rannóige sin; tá pleananna oibríochta cuíchóirithe aici; agus tús áite tugtha aici do nthairiscint mhór chun an Sciathán Thiar a fhorbairt. Tá tairiscint mhór amháin beartaithe anois agus cuirfear an togra seo faoi bhráid an Bhoird in R1 in 2022.

D'fhreagair an Stiúrthóir cúpla ceist ón mBord maidir le foireann TFC. Dúirt an Stiúrthóir gur chuir an Rannóg Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe an chuid is mó de chlár imeachtaí LNÉ i láthair ar líne in 2020 agus 2021. Tá an Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe ag obair ar phlean straitéiseach chun am na foirne a úsáid ar an gcaoi is fearr. Roimhe seo, bhí 16 ball foirne ag obair sa Rannóg Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe. Níl ach 13 dhuine inti faoi láthair. Tá maoiniú coinnithe siar agus beidh an chéad earcach nua ar an láthair an mhí seo chugainn.

- Rialachas Corparáideach:

  Tá an AOF um Rialachas Corparáideach ar shaoire bhreoiteachta ó bhí Meitheamh 2021 ann. Tá an AOF um Rialachas Corparáideach freagrach as na nithe seo: Rúnaí an Bhoird, Rúnaí don Fheidhmeannas,Oifigeach Cosanta Sonraí, Oifigeach um Shaoráil Faisnéise,comhlíonadh, tuairisciú, aiseolas a bhainistiú, iarratais ar shonraí agus as nithe eile nach iad. Táthar tar éis Rúnaí Gníomhach don Bhord agus don Fheidhmeannas a cheapadh. Tá an Stiúrthóir ag glacadh le tuilleadh freagrachtaí a bhaineann leis an Rialachas Corparáideach.

  Tá an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca toilteanach ceannaireacht a thabhairt ar an gCosaint Sonraí. D'iarr an Stiúrthóir go dtabharfadh an Bord údarás don Stiúrthóir as caiteachas suas go dtí [redacted] le tuilleadh seirbhísí mar Oifigeach Cosanta Sonraí a fháil chun aon riosca roimh an eagraíocht a mhaolú sa réimse tábhachtach seo. D'fhreagair an Stiúrthóir ceisteanna maidir leis na gnáthnósanna imeachta soláthair agus fad an chonartha.

  Dúirt Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca gur pléadh an cheist seo sa chruinniú ba dheireanaí a bhí ag an CIR agus go rachadh an gníomh seo i ngleic le cúrsaí.

**Thoiligh an Bord údarás airgeadais a tharmligean don Stiúrthóir suas le [redacted] chun seirbhísí mar Oifigeach Cosanta Sonraí a fháil ar chonradh tosaigh a mhairfeadh sé mhí. Chuir siad in iúl chomh maith go raibh siad i bhfách leis na bearta maolaithe éagsúla a cuireadh i bhfeidhm.**

- Earcaíocht

  Dúirt an Stiúrthóir go raibh ag éirí go maith leis an earcaíocht agus 18 nduine earcaithe agus tosaithe i mbun oibre in 2021 agus triúr eile réidh le hearcú. Táthar tar éis an próiseas earcaíochta a aistriú ar líne go sásúil.

  Fógrófar an ceapachán eile ar leibhéal an Fheidhmeannais atá fós le líonadh gan mhoill, is é sin an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha. Tá Ceannasaí Forbartha Eatramhach ann.

  Mar fhreagra ar cheist ón mBord, dheimhnigh an Stiúrthóir gur róil bhuana iad na róil a earcaíodh in 2021.

- Tionscadal Forbartha Caipitil

  Tá sé seo ar an tionscadal is tábhachtaí atá ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus díreofar go tréan air sna blianta atá le teacht.
  Tá Céim 2a (Oibreacha Imscrúdaitheacha) curtha i gcrích: tar éis oibreacha imscrúdaitheacha a dhéanamh, fuarthas go raibh bail agus creatlach an Sciatháin Thiar go maith tríd is tríd.
  Tá moill ar Chéim 2b (Deisiú). Is gá oibreacha deisiúcháin a dhéanamh ar dhíon agus ar chreatlach an Sciatháin Thiar agus tá scafall agus craein ag teastáil ina leith. An chomhairle atá tugtha ag Oifig na nOibreacha Poiblí ná go bhfuil cead pleanála de dhíth.

  Táthar ag moladh Céim 2b (Deisiú) agus Céim 3 (Tógáil) a chur le chéile mar aon chéim amháin anois. Mar sin, bheadh iarratas pleanála amháin ann agus aon chonradh mór amháin chun cúiteamh a dhéanamh sa mhoill a bhí ar Chéim 2b agus le riosca agus costais a laghdú.

  Tá an fhoireann deartha ó Oifig na nOibreacha Poiblí ceaptha. Mar sin féin, tá an tAiltire Tionscadail in Oifig na nOibreacha Poiblí tar éis éirí as agus tá an Oifig

sin sásta dlús a chur leis an bpróiseas chun cleachtas ailtireachta caomhantais ón gcreat reatha a cheapadh.

Meastar go n-éireoidh na costais mheasta níos airde ná €14.7m mar gheall ar bhoilsciú agus an méadú ar chostais tógála. Beidh ceadú an Aire ag teastáil chun cás gnó deiridh a dhéanamh.

Tá na nithe seo a leanas fós le réiteach: (i) costais, pleananna agus amlíne athbhreithnithe ó Oifig na nOibreacha Poiblí, (ii) tá an Ceannasaí Eastát ag lorg comhairle dlí maidir le moltaí nua Rialachais atá ar bun, (iii) soiléireacht ar chur chuige an RTCEGSM i leith costais taispeántas in LNÉ a mhaoiniú, agus (iv) cás gnó deiridh le ceadú an Aire a fháil.

Cuirfear togra faoi bhráid an Bhoird lena mheas in R1 2022.

**Déanfar turas thart ar an Sciathán Thiar a eagrú do chomhaltaí an Bhoird.**

**Tar éis moladh a fháil ó chomhalta Boird gur chóir Fochoiste a chur ar bun le comhairle a thabhairt i dtaca leis an tionscadal Forbartha Caipitil, thángthas ar chomhaontú go leanfadh an Bord ar aghaidh le maoirseacht a dhéanamh go díreach ar an tionscadal seo ós rud é go bhfuil sé ar an bhforbairt is suntasaí a rinneadh sa Leabharlann Náisiúnta le 100 bliain anuas; ós rud é go ndéanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar rioscaí gaolmhara; agus ós rud é go mbeidh an Stiúrthóir agus/nó an Ceannasaí Eastát ag tabhairt tuairiscí i ngach cruinniú Boird. Dúirt an Cathaoirleach chomh maith go mbeadh sé i dteagmháil leis an Stiúrthóir i rith an ama faoin tionscadal.**

- Pleanáil in aimsir COVID-19

  Ó thaobh bainistíochta de in aimsir COVID-19, táthar tar éis cloí leis na prionsabail seo a leanas le linn na paindéime: (i) cloímid le comhairle an Rialtais, (ii) tugaimid tús áite don tsláinte agus don tsábháilteacht, agus (iii) déanaimid cumarsáid shoiléir go rialta.

  D'éirigh linn seirbhísí a aistriú go seirbhísí ar líne agus clár

rannpháirtíochta pobail iontach láidir a chur ar fáil. Bhí na foirgnimh ar oscailt nó druidte bunaithe ar chomhairle an Rialtais ó thaobh bearta sláinte poiblí de.

Tá cur chuige céimnithe á chur i bhfeidhm anois chun na srianta in aimsir COVID-19 ar an láthair a bhaint i gcomhréir leis an gcomhairle reatha ón Rialtas. Dá thoradh sin, tá síneadh curtha againn le huaireanta oscailte agus méadú tagtha ar líon na gcoinní atá ar fáil le haghaidh seirbhísí taighde. Tá taispeántas na Cartlainne Náisiúnta Grianghrafadóireachta 'Living with Pride' ar oscailt seacht lá sa tseachtain anois; tá 'Seamus Heaney: Listen Now Again' in Ionad Cultúir agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann ar oscailt sé lá sa tseachtain; agus osclófar taispeántas WB Yeats arís i Sráid Chill Dara ar an 22 Deireadh Fómhair.

Tá an Leabharlann Náisiúnta ag iarraidh an deis a thapú le hathbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí lena chinntiú go bhfuil an leagan amach chomh maith agus is féidir againn le seirbhísí a sholáthar. Tá an phaindéim tar éis a léiriú gur féidir leis an Leabharlann Náisiúnta seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar ar líne.

**Thug an Bord tuairisc an Stiúrthóra ar aire.**

## 5. Cásanna Gnó

### 5.1 Oifig Forbartha: Conradh Seirbhísí le haghaidh Láithreán Gréasáin LNÉ

Lorg an Ceannasaí Eatramhach Forbartha, Eoin McCarney, faomhadh le go bhféadfaidh LNÉ leanúint ar aghaidh chun conartha le Annertech agus bigO Creative chun forbairt, dearadh agus cothabháil a dhéanamh ar láithreán gréasáin ar feadh trí bliana:

- Tá láithreán gréasáin reatha LNÉ 14 bliana d'aois, ní oireann sé dár riachtanais agus níl sé sásúil dár n-úsáideoirí. Níl an fheidhmiúlacht theicniúil ná thosaigh ar fáil air chun réimse suntasach seirbhísí a sholáthar d'úsáideoirí deiridh.

- An treoir atá ann don tionscadal seo ná láithreán gréasáin soláimhsithe a chur ar fáil a bheidh tarraingteach, a

bheidh ag teacht leis an gcaighdeán a bhíonn ag eagraíochtaí inchomparáide agus a bheidh níos iomasaí ag an úsáideoir. Ba chóir go sásódh an láithreán gréasáin na Treoirlínte maidir le hinrochtaineacht ábhair ar an nGréasán (WCAG 2.1) ar Leibhéal AA agus ar Leibhéal AAA más féidir.

- Taispeánadh láithreán gréasáin samplach don Bhord, láithreán a raibh íomhánna móra tarraingteacha le feiceáil air agus roghchláir shoiléire inláimhsithe air.

Mar fhreagra ar cheist ón mBord, dheimhnigh an Ceannasaí Eatramhach Forbartha go bhfuil an forthairgeoir molta socraithe leis an obair a chur i gcrích go cianda: beifear in ann ceardlanna a chur i láthair agus aiseolas a fháil ar líne.

**Thug an Bord faomhadh don Fheidhmeannas leanúint ar aghaidh chun conartha le Annertech agus bigO Creative chun forbairt, dearadh agus cothabháil a dhéanamh ar an láithreán gréasáin ar feadh trí bliana.** [redacted]

## 5.2 Eastáit:

### 5.2.1 Seirbhísí Slándála ar Conradh LNÉ

**Thug an Bord faomhadh le go bhféadfaidh an Feidhmeannas tairiscint a eisiúint le haghaidh Seirbhísí Slándála ar Conradh.**

### 5.2.2 Seirbhísí Glantóireachta ar Conradh LNÉ

**Thug an Bord faomhadh an Conradh le haghaidh Sheirbhísí Glantóireachta LNÉ a bhronnadh ar** [redacted] **Is é costas airgeadais an tionscadail gan CBL a áireamh ná** [redacted]

**5.3 Taispeántais, Foghlaim agus Cláreagrú: Conradh Seirbhíse le haghaidh Chartlann Band Aid**

**Thug an Bord faomhadh conradh a bhronnadh seirbhísí taighde a sholáthar chun na déantáin is tábhachtaí ó Chartlann Band Aid a mheasúnú,a shainaithint, a thaifeadadh agus a léirmhíniú. [redacted] Is é costas airgeadais an tionscadail gan CBL a áireamh ná [redacted]**

**5.4 Airgeadas: Seirbhísí um Iniúchóireacht Inmheánach do LNÉ**

**Thug an Bord faomhadh le go bhféadfaidh an Feidhmeannas tairiscint a eisiúint le haghaidh Seirbhísí um Iniúchóireacht Inmheánach don Leabharlann Náisiúnta.**

**5.5 Bailiúcháin Fhoilsithe: Seirbhísí Bainistíochta Bailiúchán (Catalógú)**

**Thug an Bord faomhadh don Fheidhmeannas cuireadh chun miontairisceana a eisiúint faoin *gCreat-Chomhaontú reatha um Sheirbhísí Bainistíochta Bailiúchán* chun seirbhísí catalógaithe a fháil ó aon (1) chatalógaí amháin ar feadh ocht (8) mí le 2,855 leabhar nua a chatalógú.**

**Mhol an Bord an cháipéisíocht mhionsonraithe a cuireadh ar fáil. Maidir le cásanna gnó amach anseo, d'iarr an Bord cúrsaí a shoiléiriú má bhíonn an buiséad a iarrtar sa phleanáil buiséid LNÉ san Fhorléargas, eolas a thugtar faoi láthair i gCuid 4 den téacs.**

## 6. Gnóthaí Corparáideacha

### 6.1 Cúrsaí Airgeadais

#### 6.1.1 Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh chun an Aire, Ráitis Airgeadais, Litir Uiríll, Tuarascáil Neamhspleách Achtúireach

Dúirt an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca, Kathleen

Ruane, nach bhfuil aon athrú suntasach idir Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh chun an Aire don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2019 agus an ceann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020. Chomh maith leis sin, rinne Mazars, soláthraí seirbhíse an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, na dréacht-Ráitis Airgeadais a fhaomhadh lena gcur faoi bhráid an Bhoird agus thug le fios go bhfuiltear ag feitheamh le faomhadh deiridh ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste; mar sin féin, ní mheastar go mbeidh aon athruithe ábhartha ann sa chéim seo agus meastar go n-eiseofar tuarascáil iniúchóireachta gan agús.

Thug an Bord ar aire go raibh cruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 24 Meán Fómhair 2021 agus, lena linn, go ndearnadh athbhreithniú ar Thuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh chun an Aire; ar na Ráitis Airgeadais; ar an Litir Uiríll agus ar an Tuarascáil Neamhspleách Achtúireach, agus gur moladh na míreanna chun an Bhoird lena bhfaomhadh.

**Rinne an Bord athbhreithniú ar Thuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh chun an Aire don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2020; ar na dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi réir aon leasú a dhéanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste; agus ar an dréacht-Litir Uiríll chun an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i dtaca leis na Ráitis Airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020. Thug an Bord faomhadh ina leith siúd go léir.**

**Rinne an Bord athbhreithniú ar an Tuarascáil Achtúireach – FRS 102 Nochtadh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 agus tugadh ar aire í. Achtúire Seachtrach Neamhspleách a d'ullmhaigh an tuarascáil.**

### 6.1.2 Cuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Iúil 2021

Thug an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca ar aire go raibh méadú €24,000 ar Acmhainní Isteach go dtí deireadh Iúil 2021, mar thoradh den chuid is mó ar ioncam ó acmhainní na leabharlainne féin, mar shampla, ioncam ó sheirbhísí cóipeála agus seirbhísí araltais.

Tháinig méadú €360,000 bliain ar bhliain ar chaiteachas in Iúil 2021. An méadú ar an gcaiteachas ar phárolla in 2021 i gcomparáid le 2020 ba mhó ba chúis leis sin.

Thug an Bord ar aire an pointe a thóg an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca, is é sin gur admhaigh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte na hearráidí a rinne siad féin maidir le híocaíocht cnapshuimeanna pinsin agus pinsin triúr pinsinéirí a d'imigh ar scor in 2019, 2020 agus 2021. Tá lucht bainistíochta LNÉ tar éis iarraidh ar an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte na hearráidí seo a iniúchadh inar íocadh íocaíochtaí pinsin as Vóta Aoisliúntais (PMG) seachas LNÉ i gcás triúr pinsinéirí. Is é luach na n-íocaíochtaí cnapshuime agus pinsin go dtí an 31 Nollaig 2021 [redacted] Cuirfear fabhrú sna cuntais bhainistíochta ó Lúnasa 2021 ar aghaidh. Luaigh an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca go raibh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste den tuairim maidir leis an imeacht tar éis dheireadh na bliana inar íocadh triúr pinsinéirí ón Vóta Aoisliúntais seachas ó LNÉ, gur tharla sé sin mar gheall ar earráidí a rinne an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Dheimhnigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nach ndéanfaí aon leasú ar chuntais 2020 ach gur gá an earráid a réiteach i gcuntais 2021.

Mar fhreagra ar cheist ón mBord, chuir an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca in iúl gur aithin LNÉ go raibh fadhb ann agus go bhfuil an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte tar éis a admháil go ndearnadh earráidí i dtaca leis an gceist seo.

Thug Cathaoirleach an CIR le fios go raibh athbhreithniú déanta ag an gCoiste ar gach ceann de na ceisteanna thuasluaite agus, cé go rabhthas ag súil leis an mbarrachas pá reatha do 2021, beidh ath-leithdháileadh ón Roinn ag teastáil ón bpá reatha chun an phinsin reatha le go mbeidh LNÉ in ann gealltanais phinsin a shásamh i mbliana. Dá thoradh sin, caithfear an leithdháileadh iomlán pá agus pinsean do 2021.

Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in iúl go ndearna an CIR athbhreithniú ar na dréacht-chuntais bhainistíochta do mhí Iúil 2021 mar chuid de chruinniú an choiste ar an 24 Meán Fómhair 2021 agus gur mhol an coiste go ndéanfaí an Bord iad sin a fhaomhadh.

**Rinne an Bord na dréachtchuntais bhainistíochta do mhí Iúil 2021 a fhaomhadh.**

Thug an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca ar aire moladh an Bhoird tuairisc ghairid ina ndéanfaí achoimre ar na ceannlínte ba thábhachtaí a chur isteach i dtús na gcuntas bainistíochta.

### 6.1.3 Réamhaisnéis bhuiséid athbhreithnithe don chuid eile de 2021

Tar éis don Fhoireann Ceannaireachta agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) athbhreithniú a chur i gcrích, chuir an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca in iúl go bhfuil réamhaisnéis bhuiséid athbhreithnithe á cur i láthair.

Ós rud é nach raibh Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach ann do chuid mhaith de 2021, meastar nach gcaithfear [redacted] don stóráil dhigiteach i mbliana. Táthar ag moladh iarratas a dhéanamh leis an RTCEGSM an buiséad sin a thabhairt ar aghaidh go 2022 ach amháin má aithníonn na Bailiúcháin Speisialta saothar as an ngnách ar chóir é a fháil in 2021.

Dúirt Cathaoirleach an CIR go ndearna an Coiste athbhreithniú ar an
réamhaisnéis bhuiséid athbhreithnithe don chuid eile de 2021 mar chuid dá gcruinniú ar an 24 Meán Fómhair 2021 agus go rabhthas ag moladh go ndéanfadh an Bord an méid sin a fhaomhadh.

**Rinne an Bord an réamhaisnéis bhuiséid athbhreithnithe don chuid eile de 2021 a fhaomhadh.**

### 6.2 Eastáit: Ráiteas Sábháilteachta LNÉ

Thug an Stiúrthóir ar aire go ndéantar Ráiteas Sábháilteachta LNÉ a nuashonrú agus a chur faoi bhráid an Bhoird lena fhaomhadh gach bliain. Luaigh sí gur leag an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta amach bearta coisctheacha agus rialaithe go héifeachtach mar fhreagairt ar na forbairtí éagsúla agus paindéim COVID-19 ann in 2021.

**Rinne an Bord Ráiteas Sábháilteachta LNÉ a fhaomhadh.**

## 7. Coistí an Bhoird

### 7.1 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:

#### 7.1.1 Tuairisc ar Chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 24 Meán Fómhair 2021

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR), an tOll. Maeve Conrick, faisnéisiú don Bhord maidir le cruinniú an CIR ar an 24 Meán Fómhair 2021.

Thug an CIR ar aire go bhfuil dréacht-tuarascáil eisithe ag na hIniúchóirí Inmheánacha ar an iniúchadh inmheánach maidir leis an RGCS. Níl dul chun cinn déanta ag LNÉ air sin go fóill mar gheall ar an Oifigeach Cosanta Sonraí a bheith as láthair. Thug an CIR ar aire go dtabharfadh sé tacaíocht do bhearta chun socruithe eatramhacha a chur i bhfeidhm leis an ról seo a chlúdach agus an riosca seo a mhaolú. Thug an Cathaoirleach ar aire go ndearnadh an méid sin i Mír 4 thuas.

Dúirt an Cathaoirleach gur thug Mazars faisnéisiú don CIR agus gur imigh an t-iniúchadh seachtrach gan stró, go bhfuil an t-iniúchadh thart agus go bhfuil sé i gceist ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairim iniúchóireachta gan agús a eisiúint.

Mar fhreagra ar cheist ón mBord, dheimhnigh an Stiúrthóir go raibh conradh dhá bhliain i bhfeidhm leis na hiniúchóirí seachtracha agus go mbeadh LNÉ ag obair leis na hiniúchóirí céanna, Mazars, an bhliain seo chugainn.

**Thug an Bord ar aire Tuairisc Chathaoirleach an Choiste ar Chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 24 Meán Fómhair 2021.**

**7.1.2 Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Thug an Cathaoirleach ar aire go bhfuil an tOll. Maeve Conrick tar éis éirí as a ról mar Chathaoirleach agus go bhfuil an Dr Marie Bourke tar éis éirí as a ról mar chomhalta coiste ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Oll. Conrick as an saineolas, treoir agus dúthracht a léirigh sí agus í mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR).

Chuir an tOll. Conrick a buíochas in iúl don CIR as an tacaíocht agus gríosú a tugadh di agus í mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus dúirt go mbeadh sí toilteanach leanúint ar aghaidh mar ghnáthchomhalta den CIR.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Dr Bourke as a cuid seirbhíse ar an gCoiste.

Mar seo a leanas an comhaltas beartaithe don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a cuireadh faoi bhráid an Bhoird:

- An tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh mar Chathaoirleach [Cathaoirleach Nua]
- An tOll. Maeve Conrick [an tOll. Conrick mar ghnáthchomhalta ach ní sa Chathaoir]
- Caitriona Sharkey [comhalta nua]
- Jennifer Taaffe [mar ghnáthchomhalta fós]

- Comhalta seachtrach: Teresa Harrington [mar ghnáthchomhalta fós]

**Thug an Bord faomhadh do chomhaltas beartaithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Chuir an Bord fáilte roimh cheapachán an Oll. Ciarán Ó hÓgartaigh mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.**

Ghabh Cathaoirleach nua an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca buíochas le Caitriona Sharkey as bheith toilteanach dul ar an gCoiste; le Teresa Harrington a leanfaidh ar aghaidh mar chomhalta seachtrach ar an gCoiste; agus chuir in iúl go raibh sé ag súil le bheith ag obair leis an gCoiste.

### 7.2 An Coiste um Ghinealas agus Araltas agus an Coiste Comhairleach Léitheoirí: Bunú

Chuir an Cathaoirleach in iúl gur coistí reachtúla atá sa Choiste um Ghinealas agus Araltas agus sa Choiste Comhairleach Léitheoirí de réir mar dá bhforáiltear faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

In Aibreán 2021, chomhaontaigh an Bord gur chóir gan an Coiste um Ghinealas agus Araltas agus an Coiste Comhairleach do Léitheoirí a chur ar bun go dtí go gceapfaí Cathaoirleach an Bhoird agus na comhaltaí eile ar fad chun an Bhoird. Ós rud é go raibh an Bord iomlán agus an Cathaoirleach ceaptha anois ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, ba chóir don Bhord tabhairt faoin gCoiste um Ghinealas agus Araltas agus faoin gCoiste Comhairleach Léitheoirí a bhunú.

Seo a leanas an comhaltas beartaithe ó chomhaltaí an Bhoird don Choiste um Ghinealas agus Araltas:

- An tUas. John Grenham mar Chathaoirleach
- An tUas. Lisa Grimm
- An tOll. Kalpana Shankar
- An Dr Conor Kostick.

**Thug an Bord faomhadh do chomhaltas na gcomhaltaí Boird ar an gCoiste um Ghinealas agus Araltas.**

Seo a leanas an comhaltas beartaithe ó chomhaltaí an Bhoird don Choiste Comhairleach Léitheoirí:

- An tUas. Lorelei Harris mar Chathaoirleach
- An tUas. Katherine McSharry.

**D'fhaomh an Bord comhaltas na gcomhaltaí Boird ar an gCoiste Comhairleach Léitheoirí.**

**Déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird, an Cathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach Léitheoirí agus an Cathaoirleach ar an gCoiste um Ghinealas agus Araltas comhaltaí neamhbhoird ar na Coistí faoi seach a mheas agus cuirfidh moltaí faoi bhráid an Bhoird lena bhfaomhadh.**

**8. Sceideal cruinnithe boird do 2022**

**Rinne an Bord an dréachtsceideal cruinnithe Boird do 2022 a fhaomhadh agus rinneadh leasú amháin air, is é sin an dáta i mí Feabhra.**

- **Déardaoin an 10 Feabhra, 11am**
- **Déardaoin an 7 Aibreán, 11am**

  ***(Luan Cásca: 18 Aibreán 2022)***
- **Déardaoin an 2 Meitheamh, 11am**
- **Déardaoin an 4 Lúnasa, 11am**
- **Déardaoin an 6 Deireadh Fómhair, 11am**
- **Déardaoin an 1 Nollaig, 11am**

**9. An chéad chruinniú Boird eile: Déardaoin an 2 Nollaig 2021, 11am**

**Thug an Bord ar aire go mbeadh an chéad chruinniú eile ann Déardaoin an 2 Nollaig.**

**Tá sé beartaithe cruinniú ar an láthair a bheith ann, turas ar an Sciathán Thiar ar 10am agus an cruinniú boird ansin ar 11am i Músaem Litríochta na hÉireann (MoLI).**

**10. Aon Ghnó Eile**
**Ní raibh aon ghnó eile le plé ag an mBord.**

**Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.**